AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 15.5.2024
COM(2024) 195 final

# TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

## ar oibriú Rialachán (AE) 2018/841 (Rialachán 'LULUCF') de bhun Airteagal 17(2) arna leasú le Rialachán (AE) 2023/839

## 1. Réamhrá

Le hearnáil na húsáide talún, an athraithe ar úsáid talún agus na foraoiseachta ('LULUCF') cumhdaítear ithreacha, plandaí agus bithmhais eile ar féidir leo a bheith ina bhfoinse $CO_2$ (i.e. $CO_2$ a astú isteach san atmaisféar) agus ina linn $CO_2$ (i.e. $CO_2$ a bhaint as an atmaisféar). Déantar astaíochtaí agus aistrithe ón earnáil a chomhtháthú i sprioc aeráide 2030 an Aontais trí bhíthin Rialachán (AE) 2018/841[1] ('Rialachán LULUCF') a tháinig i bhfeidhm in 2018.

Mar chuid den Chomhaontú Glas don Eoraip[2], leagadh amach sa Dlí Aeráide Eorpach[3] sprioc maidir le glanastaíochtaí a laghdú -55 % ar a laghad ar fud gheilleagar an Aontais faoi 2030 i gcomparáid le leibhéil 1990, agus sprioc aeráidneodrachta faoi 2050 ar a dhéanaí. Leis an bpacáiste aeráide Oiriúnach do 55[4], leasaíodh an Rialachán LULUCF in 2023[5] chun an uaillmhian fheabhsaithe a léiriú. Tugadh isteach leis spriocanna nua don earnáil le haghaidh 2030 agus simplíodh na hoibleagáidí tuairiscithe.

Tá ról lárnach ag an earnáil talún maidir le cuspóir aeráidneodrachta an Aontais a bhaint amach. Tá sé d'acmhainn aige tairbhí aeráide fadtéarmacha a sholáthar, i dtéarmaí maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú don athrú sin, chomh maith le rannchuidiú le spriocanna aeráide fadtéarmacha Chomhaontú Pháras[6]. Ina theannta sin, cuireann an earnáil roinnt seirbhísí ríthábhachtacha eile ar fáil don tsochaí. Áirítear orthu siúd: bithmhais inbhuanaithe a tháirgeadh lenar féidir táirgí, ábhair agus fuinneamh iontaise nó atá dian ar charbón a ionadú, lena rannchuideofar freisin leis an aistriú chuig bithgheilleagar ciorclach atá neodrach ó thaobh na haeráide de; táirgeadh bia; an bhithéagsúlacht; seirbhísí éiceachórais atá ríthábhachtach chun athléimneacht in aghaidh thionchair an athraithe aeráide a mhéadú.

Mar a shonraítear in Airteagal 17(2) de Rialachán LULUCF, cuirtear de chúram ar an gCoimisiún oibriú an Rialacháin a mheas laistigh de 6 mhí tar éis an chéad athbhreithnithe dhomhanda faoi Chomhaontú Pháras, a tugadh i gcrích ag COP28 i mí na Nollag 2023.

[1] Rialachán (AE) 2018/841 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le hastaíochtaí agus aistrithe gás ceaptha teasa ó úsáid talún, athrú ar úsáid talún agus foraoiseacht a chur san áireamh i gcreat 2030 don aeráid agus don fhuinneamh, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 agus Cinneadh Uimh. 529/2013/AE, IO L 156, 19.6.2018, lch. 1.

[2] https://commission.europa.eu/strategy-and-policy/priorities-2019-2024/european-green-deal_ga

[3] Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach ('An Dlí Aeráide Eorpach'), IO L 243, 9.7.2021, lch. 1.

[4] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Coiste Eorpach na Réigiún 'Oiriúnach do 55': Sprioc Aeráide an Aontais do 2030 a bhaint amach ar an gconair i dtreo na haeráidneodrachta, COM(2021) 550 final.

[5] Rialachán (AE) 2023/839 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Aibreán 2023 lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/841 a mhéid a bhaineann leis an raon feidhme, leis na rialacha tuairiscithe agus comhlíontachta a shimpliú, agus lena leagtar amach spriocanna na mBallstát le haghaidh 2030, agus Rialachán (AE) 2018/1999 a mhéid a bhaineann le feabhas a chur ar an bhfaireachán, an tuairisciú, an rianú ar dhul chun cinn agus ar an athbhreithniú (Téacs atá ábhartha maidir le LEE) (IO L 107, 21.4.2023, lch. 1).

[6] https://unfccc.int/files/meetings/paris_nov_2015/application/pdf/paris_agreement_english_.pdf

## 2. Measúnú ar oibriú an Rialacháin LULUCF

Is í an phríomhsprioc athbhreithnithe ag Rialachán LULUCF glan-aistrithe talamhbhunaithe san Aontas a mhéadú faoi -42 mhilliún tona breise de choibhéis $CO_2$ (Mt $CO_2$-eq) faoi 2030, i gcomparáid leis an meán bliantúil thar an tréimhse 2016-2018. Tá coinne leis go mbeidh glanlinn iomlán -310 Mt $CO_2$-eq ar leibhéal an Aontais mar thoradh air sin. Le haghaidh na tréimhse 2021-2025, tá na Ballstáit le rialacha cuntasaíochta sonracha a chur i bhfeidhm maidir le catagóirí cuntasaíochta talún éagsúla agus tá siad le cloí leis an 'ngealltanas faoi thoradh neodrach nó dearfach' a chomhlíonadh, rud a chiallaíonn nach féidir leis na hastaíochtaí a thugtar i gcuntas a bheith níos mó ná na haistrithe a bhfuil cuntas déanta orthu, i gcomhréir le hAirteagail 7 go 9. Le haghaidh na tréimhse 2026-2030, cumhdaítear leis an sprioc -42 Mt $CO_2$-eq breise gach catagóir tuairiscithe LULUCF agus déantar í a dháileadh i measc na mBallstát trí spriocanna aonair, bunaithe ar a sciar den limistéar iomlán talún bainistithe. Le spriocanna náisiúnta 2030 ceanglaítear ar gach Ballstát a uaillmhian aeráide a mhéadú sna beartais maidir le húsáid talún.

Leis na spriocanna a leagtar amach le haghaidh na tréimhse 2026-2030, déantar ceanglais tuairiscithe an Rialacháin a ailíniú leis na rialacha tuairiscithe mar a cheanglaítear faoi na fardail gás ceaptha teasa (GCT) a cuireadh faoi bhráid UNFCCC. Cuirfidh sé sin sonraí níos fearr ar fáil do lucht déanta beartas ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais araon chun beartais agus bearta breise san earnáil a phleanáil, a ullmhú agus a chur chun feidhme go tráthúil.

I gcomhréir le hAirteagal 17(2) de Rialachán LULUCF, áirítear an méid seo a leanas sa tuarascáil sin:

- measúnú ar thionchar na solúbthachtaí;
- measúnú ar rannchuidiú Rialachán LULUCF leis an gcuspóir aeráidneodrachta agus le spriocanna Chomhaontú Pháras;
- measúnú ar na tionchair shóisialta agus saothair, lena n-áirítear ar chomhionannas inscne;
- measúnú ar an dul chun cinn atá déanta ar an leibhéal idirnáisiúnta maidir leis na rialacha lena rialaítear Airteagal 6(2) agus 6(4) de Chomhaontú Pháras;
- na treochtaí reatha agus na réamh-mheastacháin maidir le hastaíochtaí agus aistrithe gás ceaptha teasa (GCT) a bheidh ann amach anseo ón earnáil talún agus ón talmhaíocht, chomh maith le roghanna rialála chun comhsheasmhacht na dtreochtaí agus na réamh-mheastachán sin a áirithiú leis an gcuspóir laghduithe fadtéarmacha ar astaíochtaí GCT a bhaint amach i ngach earnáil den gheilleagar i gcomhréir le cuspóir aeráidneodrachta an Aontais.

### 2.1.Tionchar na solúbthachtaí

Chun cuidiú leis na Ballstáit na spriocanna a chomhlíonadh, is féidir leo leas a bhaint as na sásraí solúbthachta, faoi choinníollacha áirithe. Is réamhriachtanas é gealltanas foriomlán an Aontais faoi thoradh neodrach nó dearfach (le haghaidh na tréimhse 2021-2025) nó sprioc fhoriomlán an Aontais (le haghaidh na tréimhse 2026-2030) a bhaint amach chun leas a bhaint as na sásraí solúbthachta sin.

Maidir leis an dá thréimhse chomhlíontachta, beidh feidhm ag ‘solúbthacht ghinearálta’ trína bhféadfaidh Ballstát cinneadh a dhéanamh a easnamh faoi Rialachán LULUCF a chúiteamh trí mhéid coibhéiseach de leithdháiltí bliantúla astaíochtaí an Bhallstáit sin a asbhaint faoin Rialachán maidir le Comhroinnt Díchill (ESR)[7], ar choinníoll go bhfuil a sprioc ESR bainte amach ag an mBallstát. Tá feidhm ag an méid sin sa treo eile; mura mbaineann Ballstát a sprioc ESR amach, is féidir an barrachas faoi Rialachán LULUCF, faoi réir teorann, a aistriú chuig ESR.

Ina theannta sin, le haghaidh na tréimhse 2021-2025, féadfaidh na Ballstáit leas a bhaint as an tsolúbthacht le haghaidh talamh foraoise bainistithe mar gheall ar shuaitf nádúrtha. Le haghaidh tréimhse 2026-2030, beidh rochtain ag na Ballstáit ar shásra nua solúbthachta maidir le húsáid talún chun aghaidh a thabhairt ar ghlanastaíochtaí iomarcacha mar gheall ar shuaitheadh nádúrtha, ar thionchair fhadtéarmacha an athraithe aeráide nó ar chion fíorard d’ithreacha orgánacha.

Ní chuirfear solúbthachtaí i bhfeidhm ach amháin den chéad uair le linn na seiceála comhlíontachta in 2027 i gcomparáid le gealltanais na mBallstát, bunaithe ar shonraí fardail GCT le haghaidh na tréimhse 2021-2025.

### 2.2.Rannchuidiú LULUCF leis an gcuspóir aeráidneodrachta

Cé gur linn charbóin í earnáil LULUCF faoi láthair, is cúis imní í go bhfuil linn LULUCF ag laghdú i gcónaí le 10 mbliana anuas. In 2021, bhain linn charbóin an Aontais leibhéal glan-aistrithe-230 Mt $CO_2$-eq amach. Is iad talamh curaíochta, féarthalamh, bogaigh agus lonnaíochtaí na príomhfhoinsí astaíochtaí san earnáil ar leibhéal an Aontais, agus gineann ithreacha orgánacha bainistithe astaíochtaí an-ard i dtalamh curaíochta. Tá ról lárnach ag foraoisí ós rud é gurb iad formhór mór linn LULUCF iomlán iad. Is é is cúis leis an meath ar linn an Aontais, go mór mór, laghdú ar ghlanlinn i bhforaoisí, go príomha mar gheall ar mhéadú ar an saothrú in éineacht le cobhsú nó laghdú beag ar fhás foraoise[8]. Ar na nithe is cúis leis an bhforbairt seo tá spreagthaí eacnamaíocha, foraoisí atá ag dul in aois agus lománaíocht tarrthála tar éis suaitheadh nádúrtha. Tá méadú ag teacht ar mhinicíocht agus ar dhéine suaití nádúrtha amhail an gaothstoitheadh, ráigeanna feithidí, falscaithe agus triomaigh, chomh maith le laghdú ar na hiarrachtaí foraoisithe, is saincheisteanna iad atá ag éirí níos suntasaí d’fhoraoisí na hEorpa.

Is réamhriachtanas é rochtain ar shonraí ardcháilíochta chun dul chun cinn a rianú, chun meastóireacht a dhéanamh ar bheartais agus pleanáil do bhearta a bheidh ann amach anseo. Sin an fáth a bhfuil sé d’oibleagáid ar na Ballstáit, faoi Rialachán LULUCF athbhreithnithe, cruinneas tuairiscithe níos fearr a bhaint amach de réir a chéile, i gcomhréir le modhanna níos

[7] Rialachán (AE) 2018/842 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le laghduithe bliantúla ceangailteacha ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ag na Ballstáit ó 2021 go 2030 lena rannchuidítear leis an ngníomhú ar son na haeráide chun na gealltanais a tugadh faoi Chomhaontú Pháras a chomhlíonadh, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 IO L 156, 19.6.2018, lch. 26.
[8] https://doi.org/10.1186/s13021-023-00234-0

forbartha i dtreoirlínte IPCC[9]. Cumasaítear faireachán, tuairisciú agus fíorú feabhsaithe san earnáil trí dhul chun cinn teicneolaíoch agus beartas araon. Tá réitigh nua faireacháin á bhforbairt i gcónaí agus tá siad ag éirí inrochtana go forleathan, go háirithe teicneolaíochtaí cianbhraiteachta aerbheirthe nó spás-chianbhraiteachta. Cuireann na forbairtí sin deiseanna iontacha ar fáil do lucht déanta beartas chun bearta éifeachtacha agus éifeachtúla a cheapadh chun aistrithe carbóin talamhbhunaithe feabhsaithe agus athléimneacha a chur chun cinn. Chun tacú leis na Ballstáit sa phróiseas tábhachtach sin, d'fhoilsigh an Coimisiún, i gcomhar leis an nGníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil (EEA), 'Lámhleabhar LULUCF' nuashonraithe[10]. Is é is cuspóir dó cabhrú le páirtithe leasmhara éagsúla iad féin a chur ar an eolas faoi Rialachán LULUCF agus a chur chun feidhme ar an láthair a éascú. Tá sé d'aidhm aige taithí agus dea-chleachtais a scaipeadh maidir leis an gcaoi ar féidir le faireachán feabhsaithe ar GCT san earnáil talún tacú le beartais. Chun na críche sin, eagraíonn an Coimisiún ceardlann theicniúil go tráthrialta freisin atá tiomnaithe do thuairisciú UNFCCC[11].

Beidh ról tábhachtach ag bithmhais a fhoinsítear go hinbhuanaithe maidir le bithgheilleagar ciorclach AE atá aeráidneodrach de agus inbhuanaithe a chothú. Fuarthas amach sa Tuarascáil Eorpach maidir le Bithmhais, a d'fhoilsigh EEA le déanaí, go bhfuil iomaíocht láidir ann maidir le bithmhais san Aontas mar gheall ar a ilúsáidí deiridh, amhail i mbia, amhábhair, fuinneamh, maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú dó, an bhithéagsúlacht agus seirbhísí éiceachórais eile[12]. Ba cheart na húsáidí deiridh éagsúla a chothromú go cúramach trí bheartais agus dreasachtaí iomchuí.

### 2.3.Dul chun cinn ag an leibhéal idirnáisiúnta

Leagtar amach in Airteagal 2 de Chomhaontú Pháras sprioc fhadtéarmach maidir leis an méadú ar an teocht dhomhanda a theorannú go mór faoi bhun 2° C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch agus leanúint de na hiarrachtaí é a choimeád faoi bhun 1.5 °C. Leagtar amach ann freisin an cuspóir maidir leis an gcumas oiriúnú do dhrochthionchair an athraithe aeráide a mhéadú agus athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide a chothú.

Thíolaic an tAontas rannchuidiú nuashonraithe arna chinneadh go náisiúnta (NDC)[13] i mí Dheireadh Fómhair 2023 mar ullmhúchán do thabhairt i gcrích an chéad athbhreithnithe domhanda[14] a bhí ar siúl ag COP28 i mí na Nollag an bhliain chéanna. Leis an NDC nuashonraithe, cuirtear tuilleadh faisnéise ar fáil maidir leis na beartais agus na bearta lena ndéanfaidh an tAontas a ghlanastaíochtaí GCT a laghdú 55 % ar a laghad faoi 2030.

[9] Ba cheart fardail fheabhsaithe GCT a bheith bunaithe ar shonraí níos cruinne, níos mionsonraithe, níos tráthúla agus níos follasaí ar bhonn geografach mar a leagtar síos i gCuid 3 d'Iarscríbhinn V den Rialachán Rialachais – e.g. trí bhunachair sonraí dhigiteacha, córais faisnéise geografaí (GIS) agus cianbhraiteacht, lena n-áirítear satailítí agus seirbhísí fairtheoirí Copernicus, nó seirbhísí eile atá ar fáil go poiblí nó ar bhonn tráchtála.
[10] https://climate-energy.eea.europa.eu/topics/climate-change-mitigation/land-and-forests/reports
[11] https://forest.jrc.ec.europa.eu/en/activities/lulucf/workshops/
[12] Puzal bithmhaise na hEorpa, Tuarascáil EEA 8/2023
[13] https://data.consilium.europa.eu/doc/document/ST-14286-2023-INIT/ga/pdf
[14] Is próiseas é an t-athbhreithniú domhanda a bunaíodh faoi Airteagal 14 de Chomhaontú Pháras trína ndéanann na Páirtithe, gach 5 bliana, measúnú ar an dul chun cinn comhchoiteann i dtreo cuspóirí an Chomhaontaithe a bhaint amach, agus chun bearnaí agus conairí réitigh go dtí 2030 agus ina dhiaidh sin a shainaithint.

I ndáil le hAirteagal 6 de Chomhaontú Pháras, rinneadh dul chun cinn teoranta ag COP28 maidir le cur chuige struchtúrtha a ghlacadh chun Airteagal 6.2 maidir le trádáil dhéthaobhach a chur chun feidhme. Maidir le hAirteagal 6.4, níor ghlac na Páirtithe an moladh ón gComhlacht Maoirseachta maidir le treoraíocht mhodheolaíoch agus maidir le gníomhaíochtaí a bhaineann le haistrithe[15].

### 2.4.Tionchair agus deiseanna sóisialta agus saothair

Is príomhshócmhainní iad acmhainní nádúrtha na gceantar tuaithe chun todhchaí inbhuanaithe rathúil a thógáil, mar a chuirtear i dtábhacht i bhfís fhadtéarmach an Choimisiúin le haghaidh cheantair thuaithe an Aontais Eorpaigh[16]. Tá bearna 13 phointe céatadáin (i gcomparáid le 10 bpointe céatadáin i gcathracha) idir fostaíocht na bhfear agus fostaíocht na mban ar fud an Aontais, agus tá an bhearna sin ag méadú go breis agus 20 i mBallstáit áirithe. Tugtar aghaidh go sonrach i bPlean Gníomhaíochta an Aontais maidir le Comhionannas Inscne ar éagothromaíochtaí inscne i gceantair thuaithe.

Cuidíonn tírdhreacha tuaithe dea-bhainistithe le hobair agus slite beatha cuibhiúla, córais éiceolaíocha agus an bhithéagsúlacht a chosaint, agus cuireann siad feabhas ar athléimneacht aeráide agus riosca. Tá sé ríthábhachtach tacaíocht a thabhairt feirmeoirí, foraoiseoirí agus fiontraithe tuaithe atá ina gcumasóirí don aistriú chuig sochaí agus geilleagar níos glaise.

## 3. Treochtaí in earnáil LULUCF agus in earnáil na talmhaíochta

Is bonn é an Rialachán Rialachais[17] le haghaidh córas cuimsitheach rialachais chun spriocanna agus cuspóirí aeráide an Aontais a bhaint amach. In 2019, chuir na Ballstáit a gcéad phleananna náisiúnta fuinnimh agus aeráide (PNFA) isteach, arb iad an phríomhuirlis pleanála beartais straitéisigh iad chun an bealach a réiteach chun aeráidneodracht agus athléimneacht a bhaint amach faoi 2050. In 2023, rinne na Ballstáit a PNFAnna a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta chun an uaillmhian aeráide mhéadaithe le haghaidh 2030 a léiriú faoin Dlí Aeráide Eorpach agus faoin bpacáiste ‘Oiriúnach do 55’, lena n-áirítear le haghaidh earnáil LULUCF agus earnáil na talmhaíochta. Mar chuid dá dtuairisciú fardail GCT, ullmhaíonn na Ballstáit réamh-mheastacháin ar éifeachtaí na mbeart atá acu cheana agus na mbeart breise ar astaíochtaí agus aistrithe.

[15] https://unfccc.int/process-and-meetings/the-paris-agreement/article-64-mechanism

[16] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, A long-term Vision for the EU’s Rural Areas - Towards stronger, connected, resilient and prosperous rural areas by 2040 [Fís fhadtéarmach le haghaidh Cheantair Thuaithe an Aontais – I dtreo ceantair thuaithe níos láidre, níos nasctha, níos athléimní agus níos rathúla faoi 2040], COM (2021) 345 final.

[17] Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh agus na Gníomhaíochta Aeráide, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 663/2009 agus Rialachán (CE) Uimh. 715/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoir 94/22/CE, Treoir 98/70/CE, Treoir 2009/31/CE, Treoir 2009/73/CE, Treoir 2010/31/AE, Treoir 2012/27/AE, agus Treoir 2013/30/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoir 2009/119/CE agus Treoir (AE) 2015/652 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, IO L 328, 21.12.2018, lch. 1

Mar sin féin, chinn an Coimisiún ina mheasúnú nach leagtar amach sa chuid is mó de na PNFAnna nuashonraithe uaillmhian leordhóthanach ná gníomhaíocht leordhóthanach ar son na haeráide a bhaineann leis an talamh[18]. Is beag Ballstát a chuir bealach coincréiteach isteach chun a gcuid spriocanna glan-aistrithe náisiúnta a bhaint amach, nó gníomhaíocht leordhóthanach chun cúnamh a thabhairt d'fheirmeoirí, foraoiseoirí agus páirtithe leasmhara eile samhlacha gnó inbhuanaithe a fhorbairt i gcomhréir leis na spriocanna sin.

### 3.1.Treochtaí agus réamh-mheastacháin san earnáil LULUCF

Leis na rialacha cuntasaíochta LULUCF atá ann faoi láthair is infheidhme sa tréimhse 2021-2025, léirigh an t-iarmhéid sealadach 'a tugadh i gcuntas' le haghaidh 2021 bunaithe ar fhardal GCT 2023 creidmheas beag (i.e. tá aistrithe a tugadh i gcuntas a beagán níos mó ná astaíochtaí a tugadh i gcuntas) de -14 Mt $CO_2$-eq[19]. Dá réir sin, comhlíonann an tAontas an riail chomhlíonta 'faoi thoradh neodrach nó dearfach' don chéad bhliain den tréimhse 2021-2025[20].

Níl an tAontas ar an mbóthar ceart faoi láthair chun sprioc 2030 maidir le glan-aistrithe a bhaint amach. Leis na bearta atá ann faoi láthair, réamh-mheastar go sroichfidh na glan-aistrithe iomlána -239 Mt $CO_2$-eq in 2030, agus -260 Mt $CO_2$-eq le bearta breise, a bheidh thart ar 50-70 Mt $CO_2$-eq gann faoi sprioc an Aontais do 2030.

Ó 2025 ar aghaidh, meastar go laghdóidh glan-aistrithe ó thalamh foraoise san Aontas go dtí thart ar -310 Mt $CO_2$-eq faoi 2030 le bearta atá ann cheana agus go -320 Mt $CO_2$-eq le bearta breise. Meastar go dtiocfaidh méadú beag ar ghlanastaíochtaí ó thalamh curaíochta, arb é atá iontu faoi láthair thart ar 38 % d'astaíochtaí LULUCF an Aontais, nó go mbeidh siad marbhánta go dtí 2025, agus go dtiocfaidh laghdú de réir a chéile ina dhiaidh sin chun 32 Mt $CO_2$-eq a bhaint amach leis na bearta atá ann cheana agus 27 Mt $CO_2$-eq le bearta breise faoi 2030. Meastar go mbeidh glanastaíochtaí ó fhéarthailte, arb é atá iontu faoi láthair thart ar 12 % d'astaíochtaí LULUCF an Aontais, marbhánta go dtí 2030 le luaineachtaí idirmheánacha, ag baint amach 12 Mt $CO_2$-eq leis na bearta atá ann cheana agus 10 Mt $CO_2$-eq in 2030 le bearta breise. Réamh-mheastar go dtiocfaidh laghdú de réir a chéile ar ghlanastaíochtaí ó bhogaigh ionas go sroichfidh siad 13 Mt $CO_2$-eq le bearta atá ann cheana agus 12 Mt $CO_2$-eq le bearta breise faoi 2030. Réamh-mheastar go dtiocfaidh méadú seasta ar ghlan-aistrithe ó tháirgí adhmaid lománaithe chun leibhéil atá gar do -35 Mt $CO_2$-eq a bhaint amach i gcás ina mbeidh bearta atá ann cheana nó bearta breise ann[21].

Is dócha go mbeidh suaití nádúrtha níos minice agus níos déine mar thoradh ar thionchar an athraithe aeráide agus ar chailliúint na bithéagsúlachta. Beidh sé ríthábhachtach an treocht dhiúltach sin a aisiompú go tapa chun cuspóirí aeráide an Aontais a bhaint amach, agus san am

[18] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, Measúnú uile-Aontais ar na dréachtphleananna náisiúnta fuinnimh agus aeráide nuashonraithe Céim thábhachtach i dtreo na spriocanna níos uaillmhianaí 2030 fuinnimh agus aeráide faoin gComhaontú Glas don Eoraip agus faoi RePowerEU, COM(2023) 796 final.
[19] Mar gheall ar fheabhsuithe ar fhardail GCT, tá athríomh á dhéanamh fós a d'fhéadfadh difear a dhéanamh don toradh sin.
[20] Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn maidir le Gníomhú ar son na hAeráide. An Coimisiún Eorpach, 2023.
[21] Ar bhonn na sonraí arna dtuairisciú ag na Ballstáit maidir le réamh-mheastacháin, aighneacht 2023 (EEA)

céanna athléimneacht earnáil talún an Aontais a mhéadú chun linnte cobhsaí fadtéarmacha a áirithiú.

### 3.2.Treochtaí agus réamh-mheastacháin in earnáil na talmhaíochta

Sa lá atá inniu ann, is éard atá in astaíochtaí neamh-$CO_2$ ón talmhaíocht thart ar 11 % d'astaíochtaí GCT foriomlána an Aontais, agus is ó bheostoc a thagann thart ar dhá thrian díobh sin. Ó bhí 2005 ann, tá astaíochtaí san earnáil marbhánta - léiríonn sonraí fardail laghdú mall bliantúil 0.7 Mt $CO_2$-eq idir 2005 agus 2021. Mheas EEA[22] go mbeidh na laghduithe ar astaíochtaí a bhfuil coinne leo idir an lá atá inniu ann agus 2040 neamhshuntasach chun cuidiú leis an gcuspóir fadtéarmach aeráidneodrachta a bhaint amach. Mar gheall ar astaíochtaí laghdaithe in earnálacha eile agus na deacrachtaí a bhaineann le hastaíochtaí sa talmhaíocht a laghdú go hiomlán, tá coinne leis go mbeidh an talmhaíocht ar an earnáil ina mbeidh an sciar is mó d'astaíochtaí gás ceaptha teasa faoi 2040, arb é a bheidh inti thart ar leath de na hastaíochtaí iomlána san Aontas[23].

Léiríonn na réamh-mheastacháin is déanaí ó na Ballstáit nach n-athróidh luas na laghduithe astaíochtaí go mór faoi 2030 (1 % i gcomparáid le 2021, nó meánlaghdú bliantúil 0.6 Mt $CO_2$-eq). Agus bearta breise á mbreithniú, léiríonn astaíochtaí comhiomlánaithe réamh-mheasta ón talmhaíocht go mbeidh laghdú thart ar 5 % ann faoi 2030 (meánlaghdú bliantúil 2.2 Mt $CO_2$-eq). Tá gá le tuilleadh iarrachtaí chun bearta maolaithe iomchuí in earnáil na talmhaíochta a shainaithint agus a chur chun feidhme.

### 3.3.Forbairtí beartais le déanaí

Sa bhreis ar an bpacáiste Oiriúnach do 55, tá sé d'aidhm ag roinnt tionscnamh eile de chuid an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip athléimneacht na hearnála LULUCF a mhéadú agus san am céanna seirbhísí éiceachórais agus an t-aistriú chuig geilleagar ciorclach atá tíosach ar acmhainní a chosaint agus a chur chun cinn.

Chun leibhéal na n-aistrithe carbóin ardcháilíochta a mhéadú, mhol an Coimisiún creat rialála de chuid an Aontais chun aistrithe carbóin a dheimhniú[24], creat a ghlac na comhreachtóirí le déanaí. Áirítear leis an gcreat trí chineál gníomhaíochta ar leith: feirmeoireacht carbóin, táirgí stórála carbóin, agus aistrithe buana. Ina theannta sin, is féidir le tionscnaimh phríobháideacha atá nasctha le margaí carbóin deonacha cur le húsáid aistrithe carbóin ar mhórscála agus iad a chur chun cinn a thuilleadh. Ní hamháin go gcuirfidh an creat deiseanna nua gnó ar fáil do bhainisteoirí talún, ach tacóidh sé freisin le fás an bhithgheilleagair inbhuanaithe chiorclaigh trí tháirgí stórála carbóin a dheimhniú, amhail tógáil adhmadbhunaithe. I ndeireadh na dála, is

[22] EEA, seisiún faisnéise 17/2022

[23] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, Ár dtodhchaí a dhaingniú, sprioc aeráide 2040 na hEorpa agus an chonair chun na haeráidneodrachta faoi 2050 lena dtógfar sochaí inbhuanaithe, chóir agus rathúil, COM(2024) 63 final.

[24] Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear creat deimhniúcháin de chuid an Aontais le haghaidh aistrithe carbóin, COM(2022) 672 final.

féidir leis sin cabhrú leis na Ballstáit a spriocanna LULUCF a bhaint amach. Chun dlús a chur le ceapadh tionsclaíoch carbóin agus lena úsáid i dtáirgí bithbhunaithe nó chun é a stóráil go buan, ghlac an Coimisiún an Teachtaireacht le déanaí maidir le bainistiú tionsclaíoch carbóin[25].

Cuireann éiceachórais shláintiúla le ceapadh carbóin agus le hathléimneacht aeráide agus cuireann siad feabhas ar fholláine pobal. D'fhéadfadh tionchar dearfach suntasach a bheith ag gníomhaíochtaí amhail athfhliuchadh tailte portaigh ar an mbithéagsúlacht. Leis an Dlí maidir le hAthbhunú an Dúlra[26], ar príomhghné de straitéis bhithéagsúlachta an Aontais[27] é, iarrtar spriocanna ceangailteacha chun éiceachórais dhíghrádaithe a athbhunú, go háirithe na héiceachórais sin is mó atá in ann carbón a cheapadh agus a stóráil agus tionchar tubaistí nádúrtha a chosc agus a laghdú. Idir an dá linn, is é is aidhm don Rialachán maidir le Dífhoraoisiú[28] tionchar an Aontais ar dhífhoraoisiú domhanda a laghdú trí úsáid táirgí 'gan dífhoraoisiú' a chur chun cinn.

Tá roinnt sásraí cistiúcháin ar fáil chun aistrithe carbóin a uas-scálú, trí fhoinsí san earnáil phoiblí nó san earnáil phríobháideach. Cuireann an tAontas cistiú ar fáil faoin gcomhbheartas talmhaíochta (CBT) – tá an deis ag na Ballstáit bearta feirmeoireachta carbóin a áireamh ina bpleananna straitéiseacha nuashonraithe faoi CBT. Ina theannta sin, is féidir leo tacú le glacadh cleachtas bainistithe inbhuanaithe faoi rialacha maidir leis an státchabhair, a ndearnadh athbhreithniú orthu agus a fhágann gur féidir seirbhísí éiceachórais foraoise a sholáthar, amhail rialáil aeráide agus athchóiriú na bithéagsúlachta.

I measc na gcistí eile de chuid an Aontais atá ar fáil chun aistrithe carbóin a mhéadú tá cláir LIFE agus Fís Eorpach, agus cistí an bheartais chomhtháthaithe. Go sonrach, ós rud é go bhfuil ithreacha sláintiúla ar cheann de na príomhghnéithe den mhaolú ar an athrú aeráide, den oiriúnú don athrú aeráide agus de ghníomhaíochtaí talmhaíochta, seoladh an misean 'Comhaontú Ithreach don Eoraip' faoin gclár Fís Eorpach[29]. Is í sprioc an mhisin 100 saotharlann bheo a bhunú chun an t-aistriú i dtreo ithreacha sláintiúla a stiúradh faoi 2030 trí chomhar a chur chun cinn ar fud na n-earnálacha chun aghaidh a thabhairt ar gach úsáid talún.

I réimse an fhaireacháin ar fhorbairtí in earnáil LULUCF, leagtar amach sa togra le haghaidh creat faireacháin ar fhoraoisí[30] creat faireacháin uile-Aontais le haghaidh foraoisí lena n-áiritheofar go mbeidh sonraí tráthúla ar ardchaighdeán ar fáil i bhformáid chaighdeánaithe.

[25] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint Na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, I dtreo Bainistiú Carbóin Tionsclaíoch uaillmhianach don Aontas Eorpach, COM(2024) 62 final.
[26] Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le hathchóiriú an dúlra (COM/2022/304 final).
[27] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais Eorpaigh go dtí 2030 – An dúlra a thabhairt ar ais inár saol, COM(2020) 380 final.
[28] Rialachán (AE) 2023/1115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Bealtaine 2023 maidir le tráchtearraí agus táirgí áirithe atá bainteach leis an dífhoraoisiú agus leis an díghrádú foraoisí a chur ar fáil ar mhargadh an Aontais agus a onnmhairiú ón Aontas agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 995/2010, IO L 150, 9.6.2023, lch. 206.
[29] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, Misin an Aontais 2 bhliain níos déanaí: measúnú ar an dul chun cinn agus ar an mbealach chun cinn, COM(2023) 457 final.
[30] Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le creat faireacháin le haghaidh foraoisí Eorpacha athléimneacha, COM(2023) 728 final.

Cuirfidh sé sin ar chumas na mBallstát bearta éifeachtúla agus costéifeachtacha a chur i bhfeidhm go tráthúil, agus ar an gcaoi sin linnte carbóin níos láidre agus níos athléimní a chothú, agus tacú le bithgheilleagar ciorclach inbhuanaithe an tráth céanna. Tá an Creat ar cheann de phríomhspriocanna straitéis foraoise an Aontais do 2030[31], lena n-aithnítear ról ilfheidhmeach na bhforaoisí. Ar an gcaoi chéanna, tacóidh an togra le haghaidh Treorach maidir le faireachán agus athléimneacht[32] ithreach le spriocanna LULUCF a bhaint amach. Ceaptar níos mó carbóin le hithreacha sláintiúla, agus cuideoidh faireachán níos fearr talún agus ithreach le díriú ar bhearta a bhaineann leas as na tairbhí aeráide is airde.

In 2023 ghlac an Coimisiún treoraíocht maidir le deiseanna cistithe ón Aontas le haghaidh ithreacha sláintiúla[33]. Ceapadh na Treoirlínte maidir le bainistíocht foraoisí atá níos gaire don dúlra[34] chomh maith leis an Treoraíocht maidir le scéimeanna íocaíochta poiblí agus príobháidí a fhorbairt le haghaidh seirbhísí éiceachórais foraoise[35] chun ilfheidhmiúlacht foraoise a neartú. Chun glacadh na feirmeoireachta carbóin a éascú a thuilleadh trí chleachtais atá neamhdhíobhálach don bhithéagsúlacht, d'fhoilsigh an Coimisiún, in 2023, Treoirlínte maidir le foraoisiú, athfhoraoisiú agus plandáil crann[36] atá neamhdhíobhálach don bhithéagsúlacht, agus treoirlínte maidir le foraoisí príomhúla agus seanfháis[37] a shainiú, a mhapáil agus dianchosaint a thabhairt dóibh, ar foraoisí iad atá i measc éiceachórais is saibhre an Aontais, a stórálann stoic shuntasacha charbóin. I mí na Samhna 2023, tháinig an Treoir athbhreithnithe maidir le Fuinneamh In-athnuaite[38] i bhfeidhm, lena meabhraítear na hoibleagáidí chun critéir LULUCF a chomhlíonadh agus breoslaí á dtáirgeadh ó bhithmhais foraoise.

### 3.4. Roghanna rialála maidir le talamh, bia, fuinneamh agus bithgheilleagar i dtreo na haeráidneodrachta

Sa Teachtaireacht a foilsíodh le déanaí maidir le sprioc aeráide 2040 na hEorpa agus conair na

[31] Communication from the Commission to the European Parliament, the Council, the European Economic and Social Committee and the Committee of the Regions New EU Forest Strategy for 2030 [Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, Straitéis Foraoise nua an Aontais Eorpaigh go dtí 2030], COM(2021) 572 final.

[32] togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Faireachán Ithreach agus Athléimneacht Ithreach (an Dlí maidir le Faireachán Ithreach), COM(2023) 416 final.

[33] Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin, Guidance on EU funding opportunities for healthy soils Accompanying the proposal for a Directive of the European Parliament and of the Council on Soil Monitoring and Resilience (Soil Monitoring Law) [Treoraíocht maidir le deiseanna cistiúcháin an Aontais le haghaidh ithreacha sláintiúla a ghabhann leis an togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Faireachán Ithreach agus Athléimneacht Ithreach (an Dlí maidir le Faireachán Ithreach)], SWD(2023) 423 final.

[34] https://op.europa.eu/en/publication-detail/-/publication/2d1a6e8f-8cda-11ee-8aa6-01aa75ed71a1

[35] Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin, Treoraíocht maidir le Scéimeanna Íocaíochta Poiblí agus Príobháideacha as Éicisheirbhísí Foraoise, SWD(2023) 285 final.

[36] Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin, Treoirlínte i ndáil le Foraoisiú, Athfhoraoisiú agus Plandú Crann atá Neamhdhíobhálach don Bhithéagsúlacht (SWD (2023) 61) final.

[37] Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin, Commission Guidelines for Defining, Mapping, Monitoring and Strictly Protecting EU Primary and Old-Growth Forests [Treoirlínte ón gCoimisiún maidir le Foraoisí Príomhúla agus Seanfháis an Aontais a Shainiú, a Mhapáil, Faireachán a dhéanamh orthu agus Dianchosaint a thabhairt dóibh], SWD (2023) 62 final.

[38] Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn, IO L 328, 21.12.2018, lch. 82.

haeráidneodrachta, léirítear glanlaghdú 90 % ar astaíochtaí GCT i gcomparáid le leibhéil 1990 mar an sprioc mholta do 2040. Chun an sprioc sin a bhaint amach, léirítear sa mheasúnú tionchair[39] gur cheart aistrithe carbóin (ón atmaisféar trí aistrithe carbóin talamhbhunaithe agus tionsclaíocha) a bheith chomh hard le 400 Mt $CO_2$-eq. Comhfhreagraíonn an sprioc mholta sin don chomhairle ón mBord Comhairleach Eolaíoch Eorpach um an Athrú Aeráide ('Bord Comhairleach')[40] agus tá sí i gcomhréir le forálacha an Dlí Aeráide Eorpaigh chun buiséad GCT a thíolacadh i gcomhréir le gealltanais an Aontais faoi Chomhaontú Pháras.

Dála na n-earnálacha eile uile, tá ról tábhachtach ag earnáil LULUCF maidir le huaillmhian aeráide AE 2040 a bhaint amach, agus rannchuidiú le biafhlaitheas an Aontais agus le bithgheilleagar ciorclach inbhuanaithe an tráth céanna. Leis na beartais agus na bearta cearta, ba cheart é a bheith indéanta astaíochtaí neamh-$CO_2$ ó earnáil na talmhaíochta a laghdú[41], agus san am céanna an linn charbóin ar talamh a mhéadú trí fheabhas a chur ar acmhainneacht na n-ithreacha agus na bhforaoisí níos mó carbóin a stóráil. D'fhéadfadh earnálacha na talmhaíochta, na húsáide talún agus na foraoiseachta a bheith neodrach ó thaobh na haeráide de mar thoradh ar an gcomhcheangal sin a rachaidh chun tairbhe do chách.

Tá dlúthnasc idir bainistíocht talún agus táirgeadh agus próiseáil bia. Tugann an Bord Comhairleach dá aire ina thuarascáil le déanaí[42] gur féidir deiseanna maolaithe trasearnála a shainaithint le cur chuige lánchórais, lena n-áirítear roghanna maidir le maolú ag táirgeoirí, tomhaltóirí agus gníomhaithe idirmheánacha i slabhra an tsoláthair bia, agus go n-áirithítear leis go nglacfar cur chuige comhleanúnach chun na gnéithe éagsúla comhshaoil, eacnamaíocha agus sóisialta a chothromú. Tugtar ar aird sa tuarascáil freisin go bhféadfadh tabhairt isteach sásraí margadhbhunaithe in earnáil na talmhaíochta agus in earnáil na húsáide talún a bheith ina uirlis éifeachtach chun gníomhaithe sa slabhra luacha bia a dhreasú chun aistriú i dtreo próisis astaíochtaí ísle. Ina theannta sin, beifear in ann laghduithe ar astaíochtaí a dhéanamh san áit is costéifeachtaí, agus d'fhéadfadh sé dreasachtaí suntasacha a chur ar fáil chun borradh a chur faoi aistrithe carbóin in earnáil LULUCF. Measann an Bord Comhairleach freisin go bhféadfadh sé go mbeadh ról tábhachtach ag CBT a ailíniú níos fearr le huaillmhianta aeráide an Aontais freisin.

Le cur chuige comhtháite beartais in earnáil an bhia, thabharfaí an chumhacht do bhainisteoirí talún cleachtais maidir le maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú don athrú sin a ghlacadh, ar cleachtais iad a thacaíonn lena chéile. Le bainistíocht talún atá neamhdhíobhálach don bhithéagsúlacht, méadófar aistrithe carbóin, feabhsófar athléimneacht linn charbóin an Aontais agus feabhsófar torthúlacht na hithreach.

[39] Tá an anailís bunaithe ar chásanna ina léirítear beartais agus bearta go dtí mí an Mhárta 2023. Cuirfidh na Ballstáit a bPleananna Náisiúnta deiridh Fuinnimh agus Aeráide isteach in 2024, a bhféadfadh bearta breise a áireamh leo.

[40] ESABCC (2023). DOI: 10.2800/609405

[41] Commission Staff Working Document Impact Assessment Report accompanying the document Communication from the Commission to the European Parliament, the Council, the European Economic and Social Committee and the Committee of the Regions Securing our future Europe's 2040 climate target and path to climate neutrality by 2050 building a sustainable, just and prosperous society, [Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin, Tuarascáil ar an Measúnú Tionchair a ghabhann leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, Ár dtodhchaí a dhaingniú Sprioc aeráide 2040 na hEorpa agus an chonair chun na haeráidneodrachta faoi 2050 lena dtógfar sochaí inbhuanaithe, chóir agus rathúil], SWD(2024) 63 final.

[42] ESABCC (2024). DOI: 10.2800/216446

D’fhéadfadh táirgí stórála carbóin fadsaolacha a fhoinsítear go hinbhuanaithe, amhail adhmad a úsáidtear san fhoirgníocht, aistrithe carbóin a mhéadú, chomh maith le rannchuidiú le dícharbónú earnálacha eile. Trí úsáid a bhaint astu, is féidir leis an mbithgheilleagar ciorclach inbhuanaithe deiseanna gnó nua a chur ar fáil do bhainisteoirí talún de réir mar a thagann bithmhais in ionad carbón iontaise i ngeilleagar an Aontais. Ina theannta sin, tá cuir chuige nua feirmeoireachta carbóin ag teacht chun cinn ar féidir leo aistrithe carbóin a mhéadú, amhail ceapadh carbóin mar thoradh ar ghníomhaíochtaí inbhuanaithe in éiceachórais mhuirí chósta (carbón gorm), rud a d’fhéadfadh rannchuidiú freisin leis an athrú aeráide a mhaolú.

### 3.5.Conclúid agus na chéad chéimeanna eile

Cé go bhfuil earnáil LULUCF fós ina linn charbóin, is cúis imní í go bhfuil linn LULUCF ag laghdú i gcónaí le 10 mbliana anuas. I bhfianaise na bhforbairtí beartais iomadúla ó tháinig Rialachán LULUCF i bhfeidhm thart ar 6 bliana ó shin, seolfaidh an Coimisiún meastóireacht ar an Rialachán i gcomhthráth leis an tuarascáil seo. A luaithe a thiocfaidh an creat deimhniúcháin um aistriú carbóin i bhfeidhm, déanfar measúnú sa mheastóireacht ar na tairbhí agus ar na comhbhabhtálacha a d’fhéadfadh a bheith ag táirgí stórála carbóin fadsaolacha a fhoinsítear go hinbhuanaithe agus a bhfuil éifeacht ghlandeimhneach ceaptha carbóin acu faoi raon feidhme Rialachán LULUCF[43].

Is é is cuspóir don mheastóireacht freisin measúnú a dhéanamh ar an Rialachán i gcomparáid leis na prionsabail maidir le rialáil níos fearr (éifeachtacht, éifeachtúlacht, ábharthacht, comhleanúnachas, agus breisluach AE) agus féachaint an bhféadfaí simpliú a dhéanamh agus an t-ualach riaracháin a laghdú. Cuirfidh sé ar chumas an Aontais ceachtanna a fhoghlaim ón am a chuaigh thart chun cabhrú leis an gcinnteoireacht amach anseo agus chun réimsí a shainaithint ina bhféadfaí feabhas a chur ar an dearadh beartais a bheidh ann amach anseo tar éis 2030. I ndeireadh na dála, is é an aidhm atá ann a áirithiú go leanfaidh an creat beartais don earnáil talún de bheith oiriúnach don fheidhm, agus gur bealach éifeachtach é chun an phríomhsprioc a bhaint amach, is é sin aeráidneodracht an bhithgheilleagair inbhuanaithe chiorclaigh.

[43] Féach Airteagal 17(3) de Rialachán LULUCF.